

Sonraí an ghrianghraif: Dreamstime.com CC0

CUIDIÚ LE

GRÁINNEOGA

## SUIRBHÉ GHRÁINNEOGA NA HÉIREANN

Má fheiceann tú gráinneog bheo nó mharbh, is féidir leat é seo a logáil ar leathanach Shuirbhé Ghráinneoga na hÉireann ar

www.BiodiversityIreland.ie

Más mian leat a bheith i d'oibrí deonach le Suirbhé Ghráinneoga na hÉireann, 2021-2022 nó más mian leat tuilleadh a fhoghlaim faoi ghráinneoga tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an tionscadail ar...

https://www.irishhedgehogsurvey.com/

Facebook @IrishHedgehogSurvey

Instagram @Irish_hedgehog_survey

Twitter @Irish_Hedgehogs

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

NUI Galway
OÉ Gaillimh

Ryan Institute

dlr
Comhairle Contae County Council

ROSCOMMON

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

Kilkenny County Council
Comhairle Chontae Chill Chainnigh

National Biodiversity Data Centre

KILKENNY COUNTY COUNCIL

Ulster Wildlife

# CUIDIÚ LE GRÁINNEOGA



## ROINNT LEIDEANNA LE GO MBEIDH GRÁINNEOGA AR A GCOMPORD AG DO THEACH AGUS I DO CHEANTAR



Sonraí an ghriangraif ar bharr: Shutterstock, Coatesy
Sonraí an phríomhghriangraif: Shutterstock, Piotr Krzeslak



*Tá gráinneoga ar cheann de na hainmhithe fiáine is mó a thaitníonn le daoine. Mar go dtugann siad cuairt go minic nó go bhfuil cónaí orthu i ngairdíní, i bpáirceanna agus i spásanna glasa eile timpeall ár mbailte agus sráidbhailte tá roinnt rudaí is féidir linn a dhéanamh chun fáilte a chur roimh ghráinneoga.*

## SPÁS LE FÁNAÍOCHT




Sonraí an ghriangraif: Henry Johnson Barnes

*Le linn an tséasúir ghníomhaigh, bíonn gráinneoga ag taisteal idir 1-2km gach oíche ag lorg bia agus céile agus d'fhéadfadh go mbeadh roinnt neadacha éagsúla ag gach gráinneog ina ligeann siad scíth i gcaitheamh an lae. Ní féidir le haon ghairdín amháin gráinneog a shásamh. Is féidir leat cabhrú leis na hainmhithe beaga fánaíochta ach 'mórbhealaí gráinneog' a dhéanamh. Déan poll timpeall 13cm x 13cm i do bhalla nó fál gairdín chun ligean dóibh taisteal idir do ghairdín agus an ceantar mórthimpeall.*



Sonraí an ghriangraif: Shutterstock, Piotr Krzeslak
Sonraí an ghriangraif in íochtar: Dreamstime.com CO0



Sonraí an ghriangraif: Dreamstime.com CC0



Sonraí an ghriangraif: Leaf Pile, bishib70 on flickr CC BY-NC-ND 2.0

## SPÁS SÁBHÁILTE

*Bí ag faire amach do rudaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ghráinneoga i ngairdíní agus i bpáirceanna cosúil le:*

*Bruscar – is féidir le gráinneoga dul i bhfostú i sreang, líontán, coimeádáin bhia agus bruscar eile. Bailigh bruscar agus faigh réidh leis ar bhealach sábháilte chun gortú a chosc.*

*Ceimiceáin – ní hamháin go maraíonn lotnaidicídí na feithidí agus an chruimh a itheann gráinneoga, is féidir leo dochar mór a dhéanamh do ghráinneoga freisin. Faigheann a lán gráinneog bás gach bliain mar go n-itheann siad millíní drúchtíní. Ná húsáid lotnaidicídí saorga agus féach le modhanna nádúrtha rialaithe lotnaidí a úsáid.*

*Uisce – is féidir le gráinneoga titim i ndraenacha, i lochán agus i ngrátaí eallaigh agus is féidir leo bás a fháil mura féidir leo a mbealach a dhéanamh amach. Clúdaigh draenacha agus cuir rampa déanta as adhmad (clúdaithe le mogalra sreinge le go mbeidh siad in ann greim a fháil air) nó bloic nó clocha i lochán agus grátaí eallaigh chun ligean dóibh éalú.*

*Struimeáil – sula dtosaíonn tú ag struimeáil nó ag bearradh fálta, seiceáil san fhéar fada agus faoi fhálta ar fhaitíos go mbeadh gráinneoga ina gcodladh ann.*

*Tinte Cnámh – is breá le gráinneoga carnáin brainsí, duilleoga agus dramhaíl ghairdín eile. Seiceáil an carnán atá réitithe agat do thine chnámh sula lasann tú é ar fhaitíos go mbeadh gráinneoga ina gcodladh ann.*

*Cuimhnigh lámhainní garraíodóireachta a chaitheamh má bhíonn ort gráinneog a bhogadh amach as an mbealach!*



Creidmheas grianghraf: Hedgehog feeding by PNEfan on flickr CC PDM 1.0

## BIA

*Má fhásann tú plandaí atá neamhdhíobhálach don fhiadhúlra chomh maith le torthaí agus glasraí, meallfaidh tú na mionainmhithe a bhíonn á n-ithe ag gráinneoga cosúil le ciaróga, boilb agus péisteanna. Má fhágann tú cúinne de do ghairdín ag fás go fiáin agus gan é a ghearradh, beidh tearmann ag na feithidí blasta sin i rith na bliana.*



Sonraí an ghriangraif: Gráinneog ag ithe le PNEfan ar flickr CC PDM 1.0

*Ní bhíonn an oiread sin feithidí thart i míonna níos fuaire an earraigh/an fhómhair mar sin d'fhéadfá féin bia breise a chur amach dóibh más mian leat. Bia cat nó bia madra atá fliuch nó bia cat nó bia puisín atá tirim (is fearr píosaí beaga bia) na rudaí is fearr le fágáil amuigh. Níl arán, bainne, torthaí ná cnónna feiliúnach le tabhairt do ghráinneoga. Cé go n-íosfaidís iad gach seans, d'fhéadfaidís a bheith tinn nó go ngortófaí iad mar gheall orthu.*

*Tá sé tábhachtach go mbeadh foinse shábháilte uisce ar fáil do ghráinneoga agus d'ainmhithe eile, mar sin fág mias uisce éadomhain amach dóibh le do thoil. Má tá an spás agat, ba bhreá an rud lochán fiadhúlra a bheith agat agus rachadh sé chun leasa go leor fiadhúlra eile sa ghairdín freisin.*

*Má tá madraí, cait nó sionnaigh i do ghairdín, is féidir leat spás le hithe atá dúnta isteach a dhéanamh do ghráinneoga as seanbhosca stórála plaisteach. Féach anseo https://www.hedgehogstreet.org/help-hedgehogs/feed-hedgehogs/*



Sonraí an ghriangraif: Teach Gráinneog le timo_w2s ar flickr CC BY-SA 2.0

## NEADACHA DO GHRÁINNEOGA

*Féadfaidh gráinneoga neadú in áiteanna gan cur isteach ar an ngairdín, mar shampla faoi fhál nó i seid sa ghairdín. Is féidir leat spásanna a chur ar fáil do ghráinneoga le neadú nó le codladh iontu trí charnáin adhmaid nó duilleoga a dhéanamh i gcúinne ciúin. Meallfaidh neadacha nádúrtha na ngráinneog go leor feithidí a bhíonn mar ábhar bia ag gráinneoga agus ag ainmhithe eile freisin mar éin, froganna agus dallóga fraoigh!*

*Is féidir leat teach speisialta a cheannach do ghráinneoga nó ceann a dhéanamh fiú – chun treoracha a fháil féach https://www.hedgehogstreet.org/help-hedgehogs/hedgehog-homes/*



Sonraí an ghriangraif: Shutterstocknomad-photo.eu

## LEAS NA NGRÁINNEOG

*Má thagann tú ar ghráinneog thinn nó ghortaithe ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do bhrainse áitiúil den ISPCA nó le heagraíocht tarrthála fiadhúlra chun cabhair agus comhairle a fháil. Tá tuilleadh eolais agus liosta de na gníomhaireachtaí tarrthála ar fáil ar http://www.irishwildlifematters.ie/index.html*